

**Ábhar**

**Fadhb *La Burqa***

**Téacs Léitheoireachta**

**‘*La Burqa* ag buaireamh na Fraince’.**

**Alt le PJ Mac Gabhann (*The Irish Times*,  
9 Feabhra 2010).**

**Le caoinhead ó *The Irish Times* agus ón  
údar.**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc  
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

# ‘La Burqa ag buaireamh na Fraince’

## Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt a foilsíodh in *The Irish Times* agus dar teideal ‘La Burqa ag buaireamh na Fraince’. Sula léifidh tú an t-alt déan an réamhobair seo a leanas.

- Pléitear san alt seo an chonspóid sa Fhrainc faoi chaitheamh an bhúrca in áiteanna poiblí. Pléigh le do pháirtí aon rud atá ar eolas agat cheana faoin ábhar seo.
- Léiríonn an scríbhneoir san alt seo dhá thaobh na hargóna maidir le caitheamh an bhúrca. Cad iad na hargóintí a bheadh ag an dá thaobh, dar leat? Pléigh agus scríobh pointí.
- Cén dearcadh atá agat maidir le suaitheantais a bhaineann le creidimh ar leith a bheith feiceálach i scoileanna na hÉireann?

## Léamh

- Anois léigh an t-alt agus scríobh na hargóintí a dhéantar i bhfabhar agus i gcoinne na ceiste san alt.
- Tá an leagan Gaeilge de na focail agus de na frásaí seo le feiceáil san alt. Aimsigh iad agus tú ag léamh ach tabhair buille faoi thuairim fúthu ar dtús.

veil  
gender equality  
of Algerian origin  
it denies women their basic rights  
religious fundamentalism  
philosopher  
an attack on democracy  
The European Court of Human Rights  
EU member state  
citizenship

## Feasacht Teanga

- An dtuigeann tú na focail thíos? Déan iarracht míniú a thabhairt orthu a léireodh an difear eatarthu.

aindiachaí  
neamhchreidmheach

agnóisí  
scoil idirchreidmheach  
scoil ilchreidmheach

- ‘bean de bhunadh *na hAilgéire*’, ‘ar bhéal gach duine *sa Fhrainc*’, ‘ollamh sa Léann *Ioslamach*’, ‘na *Moslamaigh*’, ‘an bhean ar *Francach* í cheana’.

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na frásaí seo a leanas agus mínigh an patrún a bhaineann leis an ngné áirithe sin den teanga.

Irish people  
Irish culture  
French people  
French food  
German people  
German cars  
Japanese people  
Japanese computers  
Muslim people  
Muslim culture  
I speak Italian  
I love Italian food

- ‘san fhógraíocht’, ‘sa Fhrainc’, ‘sa tsráid’

Cuir an réamhfhocal ‘sa’ leis na focail thíos:

sa + fráma  
sa + fuinneog  
sa + fuacht  
sa + foirgneamh  
sa + seomra  
sa + seirbhís  
sa + abairt

- ‘...i gcás mná *a dteastaíonn uaithi* iarratas ar liúntas leanaí a dhéanamh...’

Pléigh an struchtúr san abairt thuas agus cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

Here’s the book you wanted.  
I didn’t know you wanted it.  
Did you tell her you wanted the book?  
He’s the student who wants to go to Greece for the summer.  
That’s the concert I wanted to go to.

### Plé

- An bhfuil creideamh láidir ag mic léinn an lae inniu, dar leat?
- Cén dearcadh atá agat maidir le tionchar na hEaglaise Caitlicí ar scoileanna na hÉireann?
- Cad a shíleann tú féin maidir le caitheamh an bhúrca?

### Tascanna

- Roghnaigh conspóid éigin a bhaineann le saol na mac léinn agus forbair argóintí i bhfabhar agus i gcoinne na conspóide sin. Samplaí: íoc táillí ar an tríú leibhéal; polasaithe meánscoile maidir le seodra, smideadh, bróga, dath / fad gruaige; an t-ólachán i saol na mac léinn; cúrsaí lóistín (cíos, tiarnaí talún, caighdeán na dtithe srl.); an obair a dhéanann Aontas na Mac Léinn srl.
- Bí ag obair i ngrúpa de cheathrar. Tógadh an chéad phéire an chéad ráiteas thíos agus tógadh an dara péire an dara ráiteas. Déanaigí iarracht bhur dtaobh féin den argóint a chur chun cinn sa phlé.

‘Níor cheart ligean do pháistí an búrca a chaitheamh i scoileanna na hÉireann’.

‘Níor cheart cosc a chur ar pháistí an búrca a chaitheamh i scoileanna na hÉireann’.

## Téacs

### ***La Burqa ag buaireamh na Fraince***

Is scéal é atá ar bhéal gach duine sa Fhrainc le roinnt seachtainí anuas scéal an bhúrca. An ceart do rialtas Sarkozy dlí a thabhairt isteach a chuirfeadh cosc ar mhná an chaille iomlán, an búrca nó an niceab, a chaitheamh sa láthair phoiblí?

Tá daoine ar nós Manuel Valls, teachta parlaiminte de chuid an Pháirtí Shóisialaigh, a chreideann gur gá a leithéid de dhlí a chur i bhfeidhm chun go dtugtar le fios gur prionsabal bunúsach é de chuid na Poblachta an comhionannas idir mná is fir.

Dúirt Fadela Amara, ball den rialtas agus bean de bhunadh na hAilgéire, go raibh sí ‘i bhfabhar cosc a bheith ar an mbúrca toisc go séanann sé a gcearta bunúsacha ar mhná agus...gur siombail é den bhunúsáíochas reiligiúnach sa tír seo againne’.

Is dóigh le Elisabeth Badinter, fealsamh agus feimineach, gurb ionann caitheamh an bhúrca agus buille a bhualadh ar mhná atá faoi chois cheana. Is ionsaí ar an daonlathas é an búrca, a deir sí.

Síleann Tariq Ramadan, ollamh sa Léann Ioslamach Comhaimseartha in Oxford, go bhfuil an Fhrainc, áfach, ag fógairt os comhair an domhain gur dream trioblóideach iad na Moslamaigh atá ag cur fúthu sa tír agus nach dteastaíonn uathu i ndáiríre a bheith mar dhlúthchuid den náisiún.

Dlí conspóideach a bheadh ann ar dhá chúis, dar leis: ceapann sé go bhféadfadh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine dlí in aghaidh chaitheamh an bhúrca i mballstát de chuid an Aontais a chur ar ceal toisc go sáraíonn sé bunchearta an duine, is é sin an bealach ina ngléasann an duine é féin; lena chois sin, is deacair dó póilíní a shamhlú ag stopadh mná sa tsráid chun fineáil a chur uirthi toisc go bhfuil an chaille iomlán á caitheamh aici.

Tá na ceannairí reiligiúin, Mohammed Moussaoui, uachtarán Chomhairle na Moslamach sa Fhrainc, agus an Cairdinéal André Vingtros, ardeaspag Caitliceach Pháras, i gcoinne aon dlí a chuirfeadh cosc ar an mbúrca.

Tá sé ráite ag an gCairdinéal Vingtros nach bhfeiceann sé cén t-údarás atá ag an stát a rá cén cineál éadaí atá cead ag daoine a chaitheamh agus go mb’fhearr don rialtas féachaint ar an mí-úsáid a bhaintear as an gcorp nocht baineann san fhógraíocht.

Mura bhfuil ann anois ach mionlach beag a chaitheann an chaille iomlán, idir 500 agus 2,000 bean dar le tráchtairí éagsúla, tugtar le fios go bhfuil beagnach 40 faoin gcéad díobh faoi bhun 30 bliain d’aois agus go bhfuil a líon ag dul i méid.

Agus is cosúil go bhfuil an méid búrcaí a dhíoltar gach seachtain sa Fhrainc méadaithe go mór ó tosaíodh ar an gceist a phlé go forleathan ar na meáin chumarsáide thart ar sé seachtaine ó shin.

Fiafraítear an ceart páiste a scaoileadh le bean tar éis lá scoile nuair nach féidir í a aithint toisc búrca a bheith uirthi? Nó céard a dhéantar i gcás mná a dteastaíonn uaithi iarratas ar liúntas leanaí a dhéanamh nuair atá sé dodhéanta a dhéanamh amach cé hí féin?

Freagra díreach a thug Xavier Bertrand, uachtarán an UMP – páirtí polaitíochta Sarkozy – ar na ceisteanna seo: diúltófar saoránacht do dhuine ar bith a chaitheann an búrca.

Agus an bhean ar Francach í cheana agus a chaitheann an búrca, ní bheidh sí i dteideal cuid dá cearta a éileamh ar an stát, iarratas a dhéanamh ar phas nó ceadúnas tiomána, cuir i gcás.

Tá an tuairim ann sna meáin go dteastaíonn ó uachtarán na tíre aird an phobail a dhíriú ar cheisteanna eile seachas ar mhórchéisteanna polaitiúla an lae, leasú ar an gcóras pinsin, mar shampla, seachfhoinsiú cuid de dhéantúsaíocht Renault go dtí an Tuirc nó fadhb na dífhostaíochta i measc daoine óga.

Ach an ionann ceist an bhúrca sa Fhrainc agus an reifreann a bhí ann tamall ó shin faoin miontúr san Eilvéis?

Tá sé curtha i leith iar-aire rialtais agus ball den UMP, Pascal Clément, go ndúirt sé: “Nuair a thiocfaidh an lá a mbeidh a oiread céanna miontúr is atá ardeaglais sa Fhrainc, ní hí an Fhrainc a bheas ann níos mó.”

Go leor deataigh ar mhaithe le fíorbheagán teasa, mar a dúirt an fear eile.

Le caoinchead ó *The Irish Times* agus ón údar.